# Iniúchadh Dramhaíola

Is é aidhm an iniúchta dramhaíola ná fáil amach cé mhéad dramhaíola (meáchan) agus na cineálacha éagsúla dramhaíola a ghineann bhur scoil a aithint. Is féidir libh an ghníomhaíocht seo a dhéanamh ar feadh lá amháin.

**Cén uair ar chóir Iniúchadh Dramhaíola a dhéanamh**

Ba chóir iniúchadh dramhaíola a dhéanamh chomh luath agus is féidir nuair a thosaíonn an scoil ag obair ar Chlár na Scoileanna Glasa mar chuid dá hAthbhreithniú Comhshaoil. Tabharfaidh na sonraí a bhailítear deis don scoil a staid tosaigh maidir le dramhaíl sa scoil a aithint agus tabharfaidh sé seo tagarmharc don scoil ar féidir leo a ndul chun cinn a thomhas.

Is féidir an tIniúchadh Dramhaíola a athdhéanamh go tréimhsiúil mar mhodh éifeachtach chun monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar chlár na Scoileanna Glasa.

## Cuspóirí Foghlama

- Catagóirí dramhaíola na scoile a fhiosrú
- Foghlaim teicnící samplála chun monatóireacht a dhéanamh ar an méid dramhaíola.
- Sonraí dramhaíola a thaifeadadh agus a anailísiú.

## Obair Churaclaim

- Matamaitic
- Eolaíocht
- Saoránacht

## Na Seacht gCéim a Chur i bhFeidhm

- Céim 2 Athbhreithniú Comhshaoil
- Céim 3 Plean Gníomhaíochta
- Céim 4 Monatóireacht agus Measúnacht
- Céim 5 Obair Churaclaim
- Céim 6 Daoine a chur ar an eolas agus a mhealladh chun páirt a ghlacadh

### Ábhair

- Dramhaíl i málaí
- Sean-araidí nó boscaí bruscair (ocht gcinn do gach grúpa)
- 10-20 sean-mhálaí bruscair
- Lingmheátáin/ scálaí
- Braillín talún
- Fásc-chláir le cóipeanna den Bhileog Oibre Iniúchta Dramhaíola (thíos)
- Lámhainní rubair (péire amháin do gach rannpháirtí)

### Ullmhúchán

- Déan iarracht 'gnáthlá' scoile a aithint ina ndéanfaidh sibh iniúchadh ar dhramhaíl na scoile (ní le linn imeachtaí speisialta, ag deireadh an téarma, nó nuair a bhíonn grúpaí imithe ón scoil). Cuir an fhoireann ar fad ar an eolas faoi cathain a dhéanfar an t-iniúchadh.
- Déan measúnú riosca don ghníomhaíocht.
- Seol litir abhaile chuig tuismitheoirí chun iad a chur ar an eolas faoin ngníomhaíocht, chun iarraidh orthu éadaí a sholáthar, agus b'fhéidir chun oibrithe deonacha aosach a fháil páirteach.
- Iarr ar dhuine oiriúnach dramhaíl lae amháin (idir líonadh talún agus athchúrsáil) a shábháil ón scoil ar fad, lena n-áirítear áiteanna neamhtheagaisc ar nós seomraí foirne, oifigí agus clós na scoile.
- Déan cinnte go seiceálann sibh na málaí chun rudaí géara a bhaint amach agus cuir lipéad ar gach mála leis an áit ar as a tháinig sé, mar shampla uimhir an tseomra ranga, caifitéire nó clós na scoile.

### An tIniúchadh

- Mínigh gnásanna sláinte agus sábháilteachta do na daltaí. Ní mór lámhainní a chaitheamh sula ndéanfar teagmháil le fuíoll ar bith, agus ba chóir do dhaltaí glaoch a chur ar dhuine fásta má fheiceann siad rudaí géara.
- Faigh meáchan gach mála ina bhfuil dramhaíl bia; logáil na torthaí i gcileagraim ar an mbileog taifeadta agus faigh réidh leis an ndramhaíl ar an ngnáthbhealach.
- Roinn an rang i dtrí nó ceithre ghrúpa. Ba chóir go mbeadh braillín talún, bileog thaifeadta, peann luaidhe, agus lingmheátáin nó scálaí ag gach grúpa. Ba chóir do gach dalta lámhainní rubair cosanta a chaitheamh.
- Ba chóir do na grúpaí gach a bhfuil i mála iompair amháin dramhaíola a fholmhú ar an mbraillín talún agus é a shórtáil de réir na gcineálacha éagsúla dramhaíola atá ar an mbileog taifeadta.
- Ba chóir go mbeadh mála nó bosca ar leith ag grúpaí do gach cineál dramhaíola. Déanfaidh siad an dramhaíl a shórtáil sna málaí nó boscaí seo, iad a mheá agus na torthaí a logáil ar an mbileog taifeadta.
- Nuair a bheidh gach a bhfuil sna málaí ó gach grúpa meáite agus taifeadta, folmhaigh isteach i málaí araid níos mó iad agus athúsáid an mála iompair.
- Nuair a bhíonn na málaí go léir sórtáilte agus na sonraí ar fad taifeadta, faigh réidh leis an ndramhaíl agus le hábhair in-athchúrsáilte ar an ngnáthbhealach.

## Obair leantach

- An chéad uair eile a thagann an grúpa le chéile, ríomh iomlán na dramhaíola laethúla, seachtainiúla agus bliantúla don scoil iomlán. Méadaigh na hiomláin laethúla x5 chun na torthaí seachtainiúla a fháil, agus na hiomláin seachtainiúla x38 seachtaine (meánlíon na seachtainí sa bhliain a chaitear ar scoil). Déan amach céatadán na gcineálacha éagsúla dramhaíola a ghintear.
- Déan comparáid idir sonraí dramhaíola ó láithreacha éagsúla timpeall na scoile agus aithin na háiteanna is mó ina bhfuil drochfhadhb bruscair ann
- Pléigh na torthaí. Cad iad na cineálacha dramhaíola is coitianta? An bhfuil aon rud á chaitheamh amach faoi láthair atá in-athchúrsáilte? Cén cineál dramhaíola a dhéanfadh an difríocht is mó dá n-athchúrsáilfí?
- Bain úsáid as an eolas a bailíodh ón iniúchadh dramhaíola chun do Phlean Gníomhaíochta a chruthú agus chun athchúrsáil a mhéadú agus méid na dramhaíola a chuirtear chuig líonadh talún a laghdú.

## Obair bhreise

- In ionad an dramhaíl a shórtáil, d’fhéadfá bileoga taifeadta a cheangal ar gach bosca bruscair an tráthnóna roimh an iniúchadh. Iarr ar gach duine cuntas a choinneáil ar an méid a chaitheann siad isteach sa bhosca bruscair. Seachnaíonn sé seo an gá atá le dramhaíl a shórtáil de láimh agus tá sé an-oiriúnach do scoileanna beaga. Is féidir na scóir a úsáid chun comhréireanna coibhneasta na n-ábhar i ngach láthair a mheas.
- Agus an dramhaíl á sórtáil, iarr ar na daltaí na hábhair dramhaíola is coitianta a thabhairt faoi deara. Conas a d’fhéadfá an cineál seo dramhaíola a laghdú?
- Cuir na torthaí i láthair don chuid eile den scoil ag tionól nó ar an nuachtlitir. (Céim 6)
- Déan an t-iniúchadh arís tar éis daoibh scéim laghdaithe dramhaíola a bhunú. Léireoidh sé seo an bhfuil bhur gcóras athchúrsála agus plean gníomhaíochta éifeachtach. Aithneoidh sé freisin réimsí a dteastaíonn tuilleadh oibre a dhéanamh orthu. (Céim u Monatóireacht agus Measúnacht)

## Bileog Oibre na nDaltaí – Iniúchadh Dramhaíola

**Dáta(í) an Iniúchta: ____________________**

| Áit | Páipéar Bán | Páipéar Daite | Cairtchlár | Plaisteach | Miotal | Gloine | Dramhaíl Bia | Eile | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| m.sh. Seomra Ranga | 200g | 140g | 80g | 40g | 0g | 0g | 100g | 40g | 600g |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| **Ábhar iomlán** | | | | | | | | | |

| Ábhar | Iomlán na scoile(kg) sa lá | Iomlán scoile (kg) sa tseactain (x5 lá) | Iomlán na scoile (kg) sa bhliain (x38 seachtain) | % |
|---|---|---|---|---|
| **Páipéar Bán** | | | | |
| **Páipéar Daite** | | | | |
| **Cairtchlár** | | | | |
| **Plaisteach** | | | | |
| **Miotal** | | | | |
| **Gloine** | | | | |
| **Dramhaíl Bia** | | | | |
| **Eile** | | | | |
| **Iomlán** | | | | |

Rinneadh leasú ar an ngníomhaíocht agus teimpléad seo ó www.recyclenow.org